2026/2536

13.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2536 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa a bhaineann le síneadh a chur leis an dáta chun fógra a thabhairt faoi ghlacadh leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ([1]) ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle ([2]). Beidh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026 de bhun Airteagal 36(1) de.

(2) Is féidir le Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta um Ológa ('Comhairle na gComhaltaí') an Comhaontú a leasú de bhun Airteagal 32(1) de. Leasaigh Comhairle na gComhaltaí, ag an 119ú seisiún a bhí aici i mí an Mheithimh 2024, Airteagal 36 den Chomhaontú de chomhthoil, chun go bhféadfar síneadh a chur leis an gComhaontú go ceann tréimhsí comhleanúnacha nach faide ná 5 bliana gach uair ('an leasú') ([3]). Formheasadh an leasú thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2026/1368 ón gComhairle. Chinn Comhairle na gComhaltaí go raibh Comhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('na Comhaltaí') le fógra a thabhairt don taiscí go nglacann siad leis an leasú faoin 24 Meitheamh 2026. Bhí sé beartaithe go dtiocfadh an leasú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027 ar choinníoll go raibh fógra den sórt sin tugtha ag na Comhaltaí uile.

(3) Ag an 123ú seisiún a bhí ag Comhairle na gComhaltaí i mí an Mheithimh 2026, mhol sí síneadh, go dtí an 24 Meitheamh 2027, a chur leis an dáta faoina dtabharfadh na Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú.

(4) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i gComhairle na gComhaltaí a bhunú maidir le síneadh a chur leis an dáta faoina dtabharfadh Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, i gComhairle Chomhaltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Ológa le linn seisiún a bheidh aici amach anseo nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, aontú le síneadh go dtí an 24 Meitheamh 2027 a chur leis an dáta faoina dtabharfadh Comhaltaí fógra don taiscí go nglacann siad leis an leasú ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015.

([1]) IO L 293, 28.10.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/1892/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/848/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2026/1368 ón gComhairle an 8 Meitheamh 2026 maidir le formheas, thar ceann an Aontais, an leasaithe ar Airteagal 36 den Chomhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L, 2026/1368, 17.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1368/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON